


Cuireadh na nótaí seo i dtoll a chéile chun tuilleadh faisnéise a thabhairt maidir le conas na ceisteanna atá in CensusAtSchool, a foilsíodh den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2018, a fhreagairt.

Tabhair faoi deara: Más mian leat na ceisteanna ar líne a sheiceáil sula n-iarrfaidh tú ar na scoláirí an tasc a chur i gcrích, bain úsáid as an bhfocal “TÁSTÁIL” sa bhosca “Ainm na Scoile” agus ansin is féidir an tsraith sin sonraí a aithint go héasca sna sonraí a thugann tú ar ais.

Liostaítear Uimhreacha Rolla de réir contae. Mura féidir leat do scoil a aimsiú, tabhair treoir do do scoláirí an iontráil deiridh “Níl an Uimhir Rolla liostaithe” a úsáid.

Úsáidfeá d’ainm úsáideora chun na sonraí a chuir do scoláirí isteach a aisghabháil. Mar sin, tá sé tábhachtach go gcuireann gach duine an t-aon ainm úsáideora isteach san aon fhormáid, i.e. litreacha cás íochtair amháin gan aon spásanna. Go hidéalach, ba chóir do dhaltaí cruachóip den cheistneoir a chomhlánú sula gcomhlánóidh siad an ceistneoir ar líne. Ba chóir, go háirithe, na pointí seo a leanas a thabhairt faoi deara:



The screenshot shows three sections of the online survey form, each with a green header and a white input area:

- Section 1:** Header: "Please enter your school Roll Number". Input field: "Please choose...". Note: "If you do not know your school Roll Number please ask your teacher".
- Section 2:** Header: "Please enter your Teacher's Username". Input field: empty. Note: "Eg., mkelly4416. If you do not know this, please ask your teacher".
- Section 3:** Header: "Please enter the name of your School". Input field: empty.

Tabhair faoi deara:

- Ba chóir na tomhais choirp a ghlacadh roimh ré mar go gcabhróidh sé sin leis an seisiún iontrála sonraí a bhrostú. Ba chóir go dtógfadh an seisiún 25 nóiméad san iomlán. Féach ar Threoir CensusAtSchool maidir le Tomhais a Ghlacadh (<https://tinyurl.com/ydctpxok>).
- Meabhraigh do na scoláirí go gcaithfidh siad gach ceist éigeantach a chomhlánú ionas go mbeidh siad in ann bogadh ar aghaidh go dtí an chéad rannóg eile.

Cineálacha Sonraí sa Cheistneoir

Tugann ceisteanna 1 - 14 den suirbhé cineálacha éagsúla sonraí. Go sonrath: Tugann C1, C3, C4, C6 (b), C6 (c), C7 (c), C8 (a), C8 (b), C8 (c) (i), C9 (b), C10, C11, C12 (c), C13 (b) agus C14 sonraí ainmniúla de réir catagóire; tugann **C2 (b)**, C8 (c) (ii) agus **C13 (a)** sonraí rangaithe de réir catagóire; tugann C2 (a), **C2 (b)**, C7 (a), C7 (b), C9 (a), C12 (a), C12 (b) agus **C13 (a)** sonraí scoite in uimhreacha agus tugann C5 agus C6 (a) sonraí leanúnacha in uimhreacha.

Tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil roinnt ceisteanna (**i gcló trom**) a bhfuil níos mó ná cineál sonraí amháin ag gabháil leo. Tá sé sin go breá. Mar shampla, fiafraítear i C2 (b) díot cén bhliain ina bhfuil tú ar scoil. Tá na sonraí a gheobhaidh tú dá bharr bunaithe ar uimhreacha, ach d’fhéadfaí smaoineamh air freisin mar shonraí rangaithe de réir catagóire toisc go bhféadfaí do scoilbhliain a mheas mar chatagóir.

Tabharfaidh tú faoi deara freisin go sainaithnítear C2 (a) mar cheann a thugann sonraí scoite bunaithe ar uimhreacha. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an gcaoi a bhfuil an cheist curtha – ag fiafraí d’aois i mblianta iomlána.

Sonraí Aonathráideacha agus Sonraí Dé-athráideacha

Sonraí Aonathráideacha:

Is féidir na cineálacha anailíse grafaí seo a leanas a úsáid le haghaidh sonraí aonathráideacha:

Cineál Sonraí	Línebheacadh	Barrachairt	Tábla Minicíochta	Histeagram	Píchairt	Léaráid ghais is duillí
Catagóireach	✓	✓	✓		✓	
Scoite Uimhriúil	✓	✓	✓		✓	✓
Leanúnach Uimhriúil	✓		✓	✓		✓

Sonraí dé-athráideacha:

Is féidir le scoláirí scaipghraim a tharraingt chun imscrúdú a dhéanamh ar ghaol idir dhá athróg, mar shampla, airde agus síneadh ingearach, etc.

Ceisteanna a Fhreagairt agus a Léirmhíniú

C.5: Is é atá sa cháipéis Treoir CensusAtSchool maidir le Tomhais a Ghlacadh (<https://tinyurl.com/ydctpxok>) ná faisnéis agus léaráidí atá an-soiléir maidir le conas is féidir le scoláirí oibriú i mbeirteanna chun na tomhais atá ag teastáil don cheist seo a bhailiú. D’fhéadfadh gur fiú trí limistéar a bhunú sa seomra ranga roimh ré ionas gur féidir le foghlaimoirí na nithe seo a leanas a thomhas iontu:

- A. Airde (gan bhróga) agus síneadh ingearach;
- B. Lámh-réise na láimhe a scríobhtar léi agus fad na coise deise
- C. Imlíne chaol na láimhe deise.

C.7: D’fhéadfadh an cheist seo scoláirí a spreagadh chun taighde a dhéanamh ar fhógraíocht, brandáil tomhaltóirí agus costas táirgí.

C.8: Samhlaítear go gcruthóidh an cheist seo plé domhain faoin nGaeilge mar aon le stair agus cultúr na teanga agus go ndéanfar machnamh ar bhealaí lena caomhnú.

C.9 – C.10: Ag úsáid sonraí ó na ceisteanna seo, táthar ag súil go ndéanfaidh scoláirí agus múinteoirí comóradh ar Bhliain Teangacha Dúchasacha na Náisiún Aontaithe 2019 trí imscrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna a bhíonn ag duine teanga nua a fhoghlaim, na buntáistí agus na srianta a bhaineann lena dhéanamh agus as sin go dtreiseofaí an tuiscint atá ag an duine ar theanga a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an saol mór.

C.11 – C.13: D'fhéadfadh na ceisteanna seo scoláirí a spreagadh chun taighde a dhéanamh ar imeachtaí, comóradh lae agus ceiliúradh céad bliain a bheidh ag tarlú in 2019 cosúil le cothrom 150 bliain ó thángthas ar an gCóras Peiriadach agus comóradh céad bliain ó bunaíodh an Chéad Dáil.